



Oide

Technology
in Education

IS do Cheannairí:

Cuspóir, Pleanáil, Beartais, agus Cleachtais

Scoil:

Ainm:



Leabhrán Foghlama Gairmiúla
2026

CLÁR ÁBHAIR



▶	Treoir maidir le hIntleacht Shaorga i Scoileanna (ROÓ)	01
▶	Seisiún 1: Cuspóir	
●	An Díospóireacht Ceithre Chúinne	02
●	7 bPríomhcheanglas d'úsáid IS	03
●	Cásanna	05
▶	Seisiún 2: Cleachtais	
●	Cén sórt leide a bheadh oiriúnach?	06
●	Cuir an Creatlach RIST i bhfeidhm	08
●	Machnamh: Siúlóid Dánlainne	10
▶	Seisiún 3: Beartais agus Pleanáil	
●	Ráitis IS don AUP	11
●	CFD – Ceannaireacht agus Bainistiú Pleanáil Gníomhartha	12
▶	Tuilleadh Tacaíochtaí Oide	14
▶	Nótaí	15



Oide

Technology
in Education

Treoir maidir leis an Intleacht Shaorga i Scoileanna



SCAN ANSEO



Tá sé i gceist gur cáipéis bheo a bheidh sa gcáipéis seo, cáipéis a ndéanfar nuashonrú uirthi go tráthrialta.

Feidhmíonn an treoir seo mar chéim thosaigh i dtreo úsáid shábháilte, éifeachtach agus fhreagrach IS i scoileanna.

Tá an treoir seo ceaptha chun dhá phríomhchuspóir a bhaint amach:

- comhthuiscint a thabhairt do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile ar IS, ar na feidhmeanna a d'fhéadfadh a bheith aici san oideachas agus prionsabail a bhunú maidir lena húsáid fhreagrach agus iomchuí
- tacú le múinteoirí agus le ceannairí scoile cinntí eolasacha a dhéanamh maidir le húsáid IS, ag féachaint do cheanglais sábháilteachta agus príobháideachais.

An Roinn Oideachais agus Óige, 2025, p.8



Oide

Technology
in Education

SEISIÚN 1: Gníomh 1

Machnamh: An Díospóireacht Ceithre Chúinne

Cad iad do chuid smaointe tosaigh?

Cén athrú a tháinig ar do chuid smaointeoireachta?

Ar chuala tú tuairim a d'ardaigh ceisteanna maidir le do thuarim féin?

"Athróidh IS an obair a dhéanann ceannaire scoile ina iomlán."

"Nuair a bhaintear úsáid as IS giniúnach chun anailís agus crostagairt a dhéanamh ar bheartais, cuirfear le ceannaireacht agus déanamh cinntí."

"Beidh múinteoirí ag brath an iomarca ar an teicneolaíocht mar gheall ar úsáid IS."

"Ba cheart IS giniúnach a úsáid chun obair na bpáistí a mheasúnú."

SEISIÚN 1: Gníomh 2

7 bPríomhcheanglas d'úsáid IS

Gníomhú daonna
agus
formhaoirseacht
dhaonna



Tathag teicniúil
agus
sábháilteacht
theicniúil



Príobháideachtas
agus
rialachas sonraí



Trédhearcacht



Éagsúlacht, neamh
idirdhealú agus
cothroime



Folláine
shochaíoch
agus
chomhshaoil



Cuntasacht

Gníomhaíocht na Post-it:

Rud éigin ba
shuimiúil liom ...

Rud éigin a dteastaíonn
uaim a bheith ar an eolas
faoi ...

(lth.12-15)



An Roinn Óldoachais
agus Oige
Department of Education
and Youth

Treoir maidir leis an
Intleacht Shaorga
i Scoileanna

Leagan 1
Deireadh Fómhair 2020



Lth. 12-15



Oide

Technology
in Education



SEISIÚN 1: Gníomh 2

7 bPríomhcheanglas d'úsáid IS

Rud éigin ba shuimiúil liom ...
Rud éigin a dteastaíonn uaim a bheith ar an eolas faoi ...

**An bhfuil aon ghné de na seacht príomhriachtanas atá le cur
san áireamh i do chomhthéacs féin?**
**Conas a d'fhéadfá úsáid a bhaint as gníomhaíocht na 'post-its'
i do scoil?**

SEISIÚN 1: Gníomh 3

Cásanna

Ón bplé, conas a d'fhéadfá na samplaí sin a chur in oiriúint i do scoil féin?

Pleanáil agus Ullmhú
Múinteoirí

Foghlaim agus Teagasc

Ceannaireacht agus
Bainistíocht Scoile



Oide

Technology
in Education

SEISIÚN 2: Gníomh 1

Cén sórt leide a bheadh oiriúnach?

Pleanáil agus Ullmhú Múinteoirí

Is múinteoir ranga i rang a 4 thú a bheidh ag múineadh ceacht faoi thimthriall an uisce. Teastaíonn liosta príomhfhoclóra uait agus sainmhínithe oiriúnacha leo a chruthú.



Foghlaim agus Teagasc

Is múinteoir ranga i rang a 5 thú atá ag cabhrú le daltaí agus sliocht deacair á léamh acu. Is mian leat an téacs a éascú, an foclóir a sheiceáil, agus na príomhghnéithe gramadaí, go háirithe an t-ainmfhocal, a léiriú le sainmhínithe soiléire.



Ceannaireacht agus Bainistíocht Scoile

Is príomhoide bunscoile thú atá i mbun turas scoile go dtí an Músaem Náisiúnta a phleanáil. Ní mór duit litir ghearr chairdiúil a scríobh chuig tuismitheoirí leis na sonraí. Is mian leat a bheith cinnte go bhfuil tuismitheoirí ar an eolas faoi na nithe ba cheart dá leanaí a thabhairt leo agus na héadaí ba cheart dóibh a chaitheamh i gcás aimsir ghrianmhar nó aimsir fhiuch.





SEISIÚN 2: Gníomh 1

Cén sórt leide a bheadh oiriúnach?

Scríobh an leid

Scríobh an leid

Scríobh an leid




Oide

Technology
in Education

SEISIÚN 2: Gníomh 2

Cuir an Creatlach RIST i bhfeidhm



Cásanna Samplacha

Pleanáil agus Ullmhú Múinteoirí

Is mian leat liosta suíomhanna gréasáin a chur le chéile chun tacú le fócas na foghlama atá sainaitheanta agat sa mhata ar feadh coicíse.

Foghaim agus Teagasc

Is mian leat liosta ceisteanna le haghaidh thráth na gceist atá bunaithe ar úrscéal atá faoi chaibidil ag do rang a dhéanamh.

Ceannaireacht agus Bainistíocht Scoile

Is mian leat sceideal le haghaidh dualgas clóis le haghaidh d'fhoirne i do scoil a chruthú.

SEISIÚN 2: Gníomh 2

Cuir an Creatlach RIST i bhfeidhm

Tóg leid de réir an Chreatlach RIST thíos.
D'fhéadfá ceann de na cásanna ar an leathanach roimhe seo a roghnú
nó d'fhéadfá do chás féin a chruthú.

1 Ról

2 Iarr

3 Sonrach

4 Triail





SEISIÚN 2: Gníomh 3

Machnamh: Siúlóid Dánlainne

Cad iad na nithe is tábhachtaí a thabharfaidh tú leat ón bplé ar gach ceann de na ceisteanna seo a leanas?

Ceist 1:

Conas is féidir liom tacú le breithiúnas gairmiúil agus déanamh cinntí an duine a choimeád i mbéal an phobail le linn plé IS?

Ceist 2:

Conas is féidir liom a chinntiú go maolaítear rioscaí ar nós clonadh, nithe míchruinne, nó a bheith i dtaobh an iomarca ar IS?

Ceist 3:

Conas is féidir liom, mar cheannaire scoile, tacú le múinteoirí chun tionchar IS ar a gcleachtas múinteoireachta a mheas?

SEISIÚN 3: Gníomh 1

Ráitis IS don AUP

1. Pléigh gach ráiteas le páirtnéir chun a bheartú cé acu a bheadh oiriúnach d'AUP do scoile.

2. An bhfuil aon ráitis ann gur cheart a chur in oiriúint?

Nótaí

IS: Úsáid Eiticiúil agus Cosaint Sonraí

Tá na ráitis seo a leanas beartaithe mar threoir do scoileanna chun athbhreithniú agus plé comhoibríoch a dhéanamh ar a gcur chuige chun IS a chomhtháthú i bhfoghlaim, i dteagasc agus i measúnú, agus chun teacht ar chomhaontú maidir leis sin.

- Faigheann baill foirne agus foghlaimoirí na scoile oiliúint ar úsáid eiticiúil teicneolaíochtaí IS, lena n-áirítear tuiscint a fháil ar phríobháideacht sonraí, clonadh a shainaithint agus faisnéis arna giniúint ag IS a dheimhniú.
- Tá na huirlisí IS uile atá údaraithe lena n-úsáid ar scoil i gcomhréir le rialacháin maidir le cosaint sonraí.
- Tá dianchosc ar shonraí pearsanta, íogaire nó rúnda a chur isteach in aon chóras IS gan údarú ceart.
- Ní dhéanfaidh foghlaimoirí aon ábhar arna giniúint ag IS a chruthú, a chomhroinnt ná a sheoladh, ar ábhar é atá neamhdhleathach, gáirsiúil agus clúmhilteach nó atá beartaithe le bheith ag cur isteach ar dhuine eile nó le himeagla a chur air nó uirthi.
- Níor cheart do na baill foirne ná d'fhoghlaimoirí IS a úsáid ar aon bhealach chun foghlaimoirí, a mbaill teaghlai, a mbaill foirne nó comhaltai eile de phobal na scoile a chiapadh, a mhaslú, a mhi-úsáid nó a chlúmhilleadh.
- Níor cheart do na baill foirne ná d'fhoghlaimoirí páirt a ghlacadh i ngníomhalachtaí lena mbaineann ábhar arna giniúint ag IS lena bhféadfaí míchlú a tharraingt ar an scoil.

SCAN ANSEO



SEISIÚN 3: Gníomh

CFD – Ceannaireacht agus Bainistiú Pleanáil Gníomhartha

Sainaithin na gníomhartha is tábhachtaí a d'fhéadfá glacadh chun úsáid IS atá sábháilte, eiticiúil, freagrach a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs do scoile.

TOSAIGH

STOP

LEAN

3. Plean Gníomhaíochta don Fhoghlaim Dhigiteach

Diminsean:	Réimse:
Caighdeán:	
Ráiteas Cleachtais/Ráitis Chleachtais:	
SPRIOC(ANNA) : <i>(Tá siad seo bunaithe go ginearálta ar fhoghlaimoírí a shealbhaíonn eolas, scileanna agus/nó dearcthaí nua chomh maith leis an modh gnóthachtála. Ba chóir go mbeadh torthaí foghlama feabhsaithe mar thoradh orthu).</i>	

Is gníomhaíochtaí sonracha, intomhaiste, indéanta, réalaiócha agus ama gníomhaíochtaí, a bheidh ag teastáil chun an sprioc sin a bhaint amach.

GNÍOMHARTHA (Cad is gá a dhéanamh?)	CRITÉIR RATHA (Cad iad na torthaí atá ag teastáil?)	DAOINE FREAGRACHA (Cé atá chun é a dhéanamh?)	FRÁMA AMA (Cathain a bheidh sé curtha i gcrích againn?)	GNÍOMH CURTHA I GCRÍCH?
NÓSANNA IMEACHTA MONATÓIREACHTA & MEASTÓIREACHTA Conas a dhéanfaimid monatóireacht ar ár ndul chun cinn? An gá dúinn coigeartuithe a dhéanamh? An bhfuil ár sprioc(anna) bainte amach againn? Cá bhfios dúinn?				



Oide

Technology
in Education

Fócas Molta: Caighdeán 2.1

Tuilleadh Tacaíochtaí Oide

● Intleacht Shaorga i Scoileanna - Mol IS



- Acmhainn Chuimsitheach: A chuireann an-chuid eolais ar fáil maidir le comhtháthú IS i gcomhthéacsanna oideachais.
- Léargais ó na Saineolaithe: Ina bhfuil saineolaithe faoi agallamh ar chur i bhfeidhm IS i scoileanna.
- Fócas ar Chúrsaí Sábháilteachta: Déantar plé ar imní sábháilteacht ar líne a bhaineann le húsáid IS.

● Intleacht Shaorga i Scoileanna - Cúrsa Ar Líne



- A chuireann múinteoirí agus ceannairí scoile ar an eolas faoi IS, lena n-áirítear príomhchapéisí bheartais agus gnéithe eitice.
- Feidhmeanna Praiticiúla: Ina léirítear feidhmeanna praiticiúla IS i gcomhthéacsanna oideachais.

● Creatlach RIST Innealtóireacht Leide do ISChin /STManna



- Ceithre príomhchéim leagtha amach: Ról, Iarr, Sonrach, agus Triail.
- Úsáid a bhfuil Cuspóir leis: Rud a thacaíonn le múinteoirí uirlisí IS a úsáid ar shlí fhóna agus éifeachtach.
- Béim ar Bheachtú: A spreagann daoine chun leideanna a bheachtú le haghaidh torthaí níos fearr.

● IS: Cúig Bhreithniú d'Úsáid an Mhúinteora



- Tá sé de cuspóir ag na gnéithe seo cabhrú le múinteoirí chun uirlisí IS a thabhairt isteach ina seomraí ranga go héifeachtach agus go freagrach.



● Webwise.ie: Mol IS agus Sabháilteacht ar Líne



- Sa Mhol IS seo, cuirtear eolas agus acmhainní ar fáil ar an intleacht shaorga agus ar an tslí ar féidir léi a bheith ina buntáiste ag úsáideoirí agus ina taca leo, chomh maith le heolas ar na teorannacha reatha agus imní faoina húsáid.
- Tá Treoirínte maidir le Polasaí Úsáida Inghlactha ar fáil [anseo](#)

Nótaí



Nótaí

Nótaí



Oide

Technology
in Education



OIDECHINED



@oidetechined.bsky.social



Mailing list
Sign Up



Oide

Technology
in Education